COMPANIES REGISTRATION OFFICE
AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ

Bileog Faisnéise Uimh. 13

SCAIRCHAIPITEAL A CHOMHSHÓ I EURO

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 13 / MÍ MHEÁN FÓMHAIR 2005

1. RÉAMHRÁ

Tugadh an euro isteach an 1 Eanáir 2002 agus bhain iarmhairtí praiticiúla leis an athrú seo do na cuideachtaí a raibh scairchaipiteal IR£ acu díreach roimh an dáta sin. Ón dáta sin ar aghaidh léiríodh scairchaipiteal na gcuideachtaí seo i euro. Mar shampla, cuideachta a bhí scairchaipiteal údaraithe IR£100,000 aici, chomh maith le scairchaipiteal eisithe IR£2, a bhí comhdhéanta de dhá scair £1, bhí scairchaipiteal údaraithe €126,973.81 agus scairchaipiteal eisithe €2.5394762 aici tar éis an dáta seo, scairchaipiteal eisithe a bhí comhdhéanta de dhá scair ar luach €1.2697381 gach aon.

Méideanna mí-áisiúla athainmnithe scairchaipitil ab ea iad seo do mhórchuid na gcuideachtaí agus theastaigh uathu a méideanna scairchaipitil a shlánú i méideanna euro.

Ní mór scairchaipiteal a lua i euro, agus ní i bhfigiúirí IR£, i gcás doiciméad cuideachtaí (ar nós tuairisceán bliantúil) curtha le chéile tar éis an 1 Eanáir 2002.

Ba chóir a thuiscint i gceart nach ceart a mheas gur míniú dlíthiúil iad na pointí seo a leanas ar fhorálacha an Achta 1998, agus go mbeadh sé níos fearr duit comhairle dlí neamhspleách a fháil maidir le mionsonraí na ndálaí difriúla.

2. ROIMH AN 30 MEITHEAMH 2003

Faoi alt 26 den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, cuireadh meicníocht ar fáil do chuideachtaí chun a méideanna scairchaipitil a choigeartú (ar a dtugtar “athainmníocht scairchaipitil”). B’éigean glacadh leis na rúin ailt 26 ar fad roimh an 30 Meitheamh 2003.

2.1. Athainmníocht scairchaipitil

(figiúirí scairchaipitil a léirú i méideanna áisiúla)

Faoi alt 26 den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, cuireadh meicníochtaí ar fáildo chuideachtaí chun a scairchaipiteal a athainmniú i.e. figiúirí scairchaipitil a léiriú i méideanna áisiúla euro, nuair a bhíonn méideanna mí-áisiúla (i.e. corra) euro i gceist. Féadfadh cuideachtaí a scairchaipiteal a athainmniú roimh an 1 Iúil 2003.

Ní fhéadfadh coigeartuithe den saghas seo luach ainmniúil na scaireanna a laghdú go dtí náid. Rinneadh scaireanna na cuideachta a athainmniú trí na forálacha scairchaipitil sa mheabhrán agus sna hairteagail chomhlachais a leasú.

Ní fhéadfaí déileáil leis an saincheist trí iarracht a dhéanamh codáin scaireanna a chionroinnt d’fhonn méid scaireanna a sholáthar do scairshealbhóirí a d’fhéadfadh é a léiriú i slánmhéid euro. Bhí sé riachtanach an méid scairchaipitil údaraithe agus eisithe a choigeartú trí mheabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta a leasú.

2.2. Athainmníocht lena mbaineann méadú caipitil

I gcásanna ina dtiocfadh méadú ar scairchaipiteal de bharr athainmníochta, b’éigean do na scairshealbhóirí (nó aicmí scairshealbhóirí, más infheidhme sin) glacadh le gnáthrún. Cuireadh de cheangal ar an gcuideachta cóip den rún seo, an meabhrán agus na hairteagail chomhlachais leasaithe agus Foirm B4 (fógra maidir le méadú ar chaipiteal) a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 15 lá ón dáta a glacadh leis an rún, in éineacht leis an táille chlárúcháin.

Coigeartú trí luach ainmniúil na scaireanna a mhéadú[1]

D’fhéadfadh cuideachta gnáthrún a úsáid lena scairchaipiteal a athainmniú tríd a meabhrán agus a hairteagail chomhlachais a athrú chun luach na scaireanna a shlánú suas. D’fhonn é seo a dhéanamh:

• chaithfeadh na cúlchistí indáilte a bheith coigeartaithe go hiomchuí (brabúis atá ar fáil le hiad a dháileadh)
nó
• chaithfeadh caipiteal breise a bheith curtha ar fáil a bheadh le feiceáil sa mhéid scairchaipitil eisithe.

Sampla de luach méadaitheach ainmniúil

Caipiteal (údaraithe) €126,973.81 de chuid na cuideachta, roinnte i 100,000 scair de luach €1.2697381 gach aon.

Scairchaipiteal eisithe – 50,000 scair (de luach iomlán €63,486.91).

(a) Cúlchistí indáilte a choigeartú le caipiteal eisithe a mhéadú:		€
Luach ainmniúil na scaire	=	1.2697381
Coigeartú chuig luach (méadú) cothrom	=	2.00
Difríocht in aghaidh na scaire	=	0.7302619
Difríocht in aghaidh 50,000 scaire (eisithe)	=	36,513.10
Laghdófar na cúlchistí (brabúis) indáilte de	=	36,513.10
Méadófar an scairchaipiteal eisithe de	=	36,513.10
Méid údaraithe caipitil coigeartaithe	=	200,000.00
Méid caipitil eisithe coigeartaithe	=	100,000.00

[1] Alt 26(3)

(b) Caipiteal nua a chur ar fáil le caipiteal eisithe a mhéadú:		€
Luach ainmniúil gach scaire	=	1.2697381
Coigeartú chuig luach (méadú) cothrom	=	2.00
Difríocht in aghaidh na scaire	=	0.7302619
Difríocht in aghaidh 50,000 scaire (eisithe)	=	36,513.10
Méadú caipitil ag teastáil	=	36,513.10
Méadú scairchaipitil eisithe	=	36,513.10
Méid údaraithe caipitil coigeartaithe	=	200,000.00
Méid caipitil eisithe coigeartaithe	=	100,000.00

2.3. Athainmníocht lena mbaineann laghdú caipitil

Coigeartú trí luach ainmniúil na scaireanna a laghdú[2]

I gcásanna ina dtiocfadh laghdú ar scairchaipiteal de bharr athainmníochta, b'éigean do na scairsheabhóirí glacadh le rún speisialta. B'éigean dóibh glacadh leis an rún speisialta seo le foráil a dhéanamh go n-íocfaí an méid airgid a baineadh ón scairchaipiteal le ciste ar a dtabharfar an Cúlchiste Comhshó Caipitil.

Ní fhéadfaí breis is 10% den scairchaipiteal laghdaithe a aistriú. B'éigean cóip den rún seo, an meabhrán agus na hairteagail chomhlachais leasaithe agus an táille chlárúcháin a sheoladh chuig an CRO.

Le luach na scaireanna a choigeartú (laghdú):

(i) b'éigean a aistriú chuig ciste, ar a dtabharfar an Cúlchiste Comhshó Caipitil, an méid céanna airgid comhiomlán a baineadh ón gcaipiteal, agus

(ii) teorainn 10% a chur le laghdú ar luach an scairchaipitil eisithe.

(a) Sampla de luach ainmniúil laghdaitheach
Caipiteal eisithe €63,486.91 de chuid na cuideachta, roinnte i 50,000 scair de luach €1.2697381 gach aon.

		€
Caipiteal eisithe	=	63,486.91
Luach ainmniúil gach scaire	=	1.2697381
Coigeartú chuig luach cothrom (laghdú)	=	1.20
Nóta – ní féidir é a laghdú go dtí €1 de bharr na rialach 10%		
Difríocht in aghaidh na scaire	=	0.0697381
50,000 scair @ €1.2697381 gach aon	=	63,486.91
50,000 scair @ €1.20 gach aon	=	60,000.00
Laghdú caipitil	=	3,486.91
Méid a aistreofar chuig an gCúlchiste Comhshó Caipitil	=	3,486.91

2.4. An Cúlchiste Comhshó Caipitil

Mheasfaí gur laghdú ar scairchaipiteal a bheadh i gceist agus laghdú ag teacht ar an gCúlchiste Comhshó Caiptil. Sa chás seo, bheadh alt 72 d'Acht na gCuideachtaí 1963 i bhfeidhm. Faoi alt 26 den Acht AEA 1998, d'fhéadfadh an chuideachta atá ag iarraidh scaireanna neamh-eisithe (ach amháin scaireanna infhuascailte) a íoc, an ciste a chionnroinnt ar scairshealbhóirí na cuideachta mar scaireanna bónais atá íoctha go hiomlán.

2.5. Spriocdháta an 30 Meitheamh 2003

Níor tháinig deireadh le héifeacht fho-alt (8) an 30 Meitheamh 2003. D'ainneoin é seo, is cion é faoi alt 141 den Acht 1963 mura gcuirtear an rún isteach laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos. Má ghlacann cuideachta leis an rún faoin alt 26(3) nó (4) nó roimh an 1 Lúil 2003, beidh sé de cheart aici an rún a sheachadadh lasmuigh den tréimhse ama seo. Cuirtear de cheangal uirthi rún ar bith den saghas seo a sheachadadh, déanta na fírinne.

[2] Alt 26(4). Meastar de réir alt 26(5) nach laghdú ar scairchaipiteal é seo de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009.

Má ghlacann cuideachta le rún ailt 26(3) nó (4) roimh an 1 Iúil 2003, agus má sheolann sí cóip clóite chuig an CRO lasmuigh den tréimhse ama 15 lá dá bhforáiltear i bhfo-alt (8), beidh sí ciontach i gcion de bhun alt 26(9) agus beidh sí ciontach go hachomair i leith fíneála €317.44 nó níos lú. Nuair a chruthaítear go ndearnadh an cion sin le toiliú, le cúlcheadú nó le haontú, nó gur urasaíodh a dhéanamh trí aon mhainneachtain ar thaobh stiúrthóra nó rúnaí na cuideachta, beidh an duine sin agus an chuideachta freisin ciontach i gcion, agus beidh orthu fíneáil €317.44 nó níos lú a íoc.

3. TAR ÉIS AN 30 MEITHEAMH 2003

3.1 Cad a tharlaíonn tar éis an 30 Meitheamh 2003 mura mbíonn scairchaipiteal athainmnithe ag cuideachta ach a theastaíonn uaithi é seo a dhéanamh?

Tar éis an 30 Meitheamh 2003, ní féidir scairchaipiteal cuideachta a athrú ach amháin:

(a) nuair a cheadaítear é sin faoi bhunreacht na cuideachta, nó
(b) nuair a chloítear le gnáthfhorálacha Achtanna na gCuideachtaí agus an clásal caipitil á athrú. Is iad na forálacha ábhartha ná alt 68 (scairchaipiteal méadaitheach) agus alt 72 (scairchaipiteal laghdaitheach) d'Acht na gCuideachtaí 1963.

3.2. Scairchaipiteal méadaitheach/slánú suas, tar éis an 30 Meitheamh 2003

Faoi alt 68 d'Acht na gCuideachtaí 1963, nuair a ghlactar le gnáthrún ag cruinniú ginearálta, is féidir le cuideachta a scairchaipiteal a mhéadú nuair a údaraítear é seo faoi airteagail na cuideachta,[3] trí scaireanna nua a cheapann an chuideachta gur fóinteach an rud iad agus/nó tríd an scairchaipiteal ar fad nó roinnt scairchaipitil a dhaingniú nó a roinnt i scaireanna de luach níos mó ná na scaireanna atá ann cheana.

Cuirtear de cheangal ar chuideachta faoi alt 70 den Acht 1963 méadú ar a scairchaipiteal a chur in iúl don CRO tráth nach déanaí ná 15 lá ón dáta ar a nglactar leis an rún. Má bhíonn comhaontú scairshealbhóirí ann, d'ainneoin an t-údarás a bhaineann leis na hairteagail, nach ndéanfaidh comhaltaí na cuideachta vótáil i bhfabhar méadaithe scairchaipitil ar bith, ní féidir leis an gcuideachta an nós imeachta seo a agairt faoi alt 68.

Ceanglais chomhdaithe CRO

Ní mór cóip den rún, an meabhrán agus na hairteagail chomhlachais leasaithe agus Foirm B4 a sheoladh chuig an CRO laistigh de 15 lá.

3.3. Scairchaipiteal laghdaitheach/slánú síos, tar éis an 30 Meitheamh 2003

Faoi alt 72(1) den Acht 1963, mar riail ghinearálta, agus foráil déanta dó go sainráite in Achtanna na gCuideachtaí, ní cheadaítear go dlíthiúil do chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna nó ráthaíochta, a bhfuil scairchaipiteal aici, a scairchaipiteal féin a laghdú i mbealach ar bith, ach amháin:

- nuair a thugann airteagail na cuideachta údarás di chun a scairchaipiteal a laghdú[4]
- nuair a ghlacann sí le rún speisialta a thugann cead di a scairchaipiteal a laghdú agus
- nuair a dhearbhaíonn an Ard-Chúirt an t-athrú.

Ní mór an t-ordú cúirte a sheachadadh don CRO in éineacht le miontuairisc ceadaithe ag an Ard-Chúirt ina leagtar scairchaipiteal nua na cuideachta amach. Nuair a chláraítear an t-athrú thuas, tagann an rún i bhfeidhm a laghdaíonn an scairchaipiteal.

Ceanglais chomhdaithe CRO

Ní mór cóip den rún, an meabhrán agus na hairteagail chomhlachais leasaithe, an tOrdú Ard-Chúirte agus an mhiontuairisc a sheoladh chuig an CRO.

[3] Má ghlacann an chuideachta le Rial. samplála 44 de Tábla A Cuid I, tabharfar údarás di amhlaidh.
[4] Má ghlacann an chuideachta le Rial. samplála 46 de Tábla A Cuid I, tabharfar údarás di amhlaidh.

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Parnell House, 14 Parnell Square, Dublin 1

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200 Fax: +353 1 804 5222
Email: info@cro.ie Web: www.cro.ie

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200 Faics: +353 1 804 5222
Ríomphost: info@cro.ie Láithreán: www.cro.ie